

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)**

13507/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0313 (APP)**

**ECOFIN 1287
UEM 475
CODEC 1427
ECB
EIB**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 595 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe cistiúcháin agus úsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 595 final.

Faoi iamh: COM(2025) 595 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 595 final

2025/0313 (APP)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le
socruithe cistiúcháin agus úsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe**

{SWD(2025) 286 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle¹, a glacadh an 18 Feabhra 2002, bunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach lena gcumasaítear iasachtaí a dheonú do Bhallstát amháin nó níos mó nach bhfuil an euro glactha acu agus a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhardú a n-íocaíochtaí reatha nó a ngluaiseachtaí caipitil, nó a bhfuil baol mór ann go mbeidh deacrachtaí den sórt sin acu. Maidir le modh cistiúcháin na saoráide a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, tá sé bunaithe faoi láthair ar mhaoiniú ‘droim le droim’. Faoin modh cistiúcháin sin, déanann an Coimisiún oibríochtaí margaidh bunaithe ar riachtanais gach cáis iasachtaithe shonraigh, rud a fhágann go bhfuil gach idirbheart iasachtaíochta a dhéanann an Coimisiún nasctha go díreach le riachtanas eisíocaíochta.

Tar éis Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a ghlacadh, údaraíodh don Choimisiún modh cistiúcháin difriúil a chur chun feidhme chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509² maidir le cur chun feidhme straitéise cistiúcháin éagsúlaithe. Leis an modh cistiúcháin sin, is féidir leis an gCoimisiún uainiú agus aibíocht idirbheart cistiúcháin aonair a dhíchúpláil ó na heisíocaíochtaí le tairbhithe. Le comhthiomsú leachtachta comhchoiteann arna mhaoiniú trí chistiú gearrthéarmach a eisiúint, cuirtear ar a chumas don Choimisiún íocaíochtaí a eagrú go neamhspleách ar uainiú beacht eisiúint na mbannaí fadtéarmacha.

Leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, cuirtear roinnt buntáistí ar fáil i gcomparáid leis an gcur chuige ‘droim le droim’. Ar an gcéad dul síos, fágann sí nach gá Conradh a dhéanamh i leith méid seasta iasachtaí de chuid an Aontais nó iasachtaí ó institiúidí airgeadais i ndálaí luaineacha nó díobhálacha chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú, rud a fhágann gur féidir íocaíochtaí le tairbhithe chláir an Aontais a dhéanamh go neamhspleách ar dhálaí an mhargaidh atá i réim tráth na heisíocaíochta. Ar an dara dul síos, leis an straitéis sin cuirtear ar a chumas don Choimisiún riachtanais airgeadais an iliomad clár cúnamh a chomhdhlúthú, rud a chuireann cosc ar chláir aonair a bheith ag dul in iomaíocht le chéile le haghaidh comhthiomsú teoranta deiseanna cistiúcháin. Leis an gcomhdhlúthú sin, simplítear bainistiú oibríochtaí cistiúcháin, laghdaítear costais, agus seachnaítear ilroinnt urrúis fiachais an Aontais, rud a fheabhsaíonn a leachtacht. Dá réir sin, feabhsaítear costéifeachtacht an mhaoinithe le haghaidh cláir cúnamh airgeadais, rud a théann chun tairbhe an Aontais agus na dtairbhithe araon.

Ós rud é go bhfuil sé i gceist an cúnamh airgeadais atá ar fáil do Bhallstáit a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhardú a n-íocaíochtaí reatha nó a ngluaiseachta caipitil faoin tsaoráid a eisíoc

¹ Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/332/oj>).

² Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

go tapa chun cobhsaíocht airgeadais a athbhunú, agus gur minic a íoctar an cúnamh sin amach faoi dhálaí luaineacha agus díobhálacha sa mhargadh, ba cheart socrúithe cistiúcháin maidir le húsáid na saoráide a leasú i bhfianaise na taithí a fuarthas agus na mbuntáistí suntasacha a bhaineann leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i gcomparáid leis an modh cistiúcháin ‘droim le droim’. Leis an leasú sin, chuirfí ar a chumas don Choimisiún maoiniú chláir airgeadais an Aontais a chomhdhlúthú a thuilleadh trí riachtanais chistiúcháin na saoráide a ionchorprú ina straitéis ghinearálta chistiúcháin.

I bhfianaise an mhéid sin, is é is aidhm don togra seo leasuithe teicniúla a thabhairt isteach ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 chun na socrúithe cistiúcháin maidir le húsáid na saoráide a mhodhnú agus chun foráil a dhéanamh go sonrach maidir le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, tá siad comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais, i bhfianaise na n-athruithe suntasacha atá tagtha ar an timpeallacht rialála ó glacadh é in 2002. Go sonrach, leis an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach³, a bunaíodh in 2010 mar ionstraim uile-Aontais agus atá cosúil, tríd is tríd, ó thaobh a feidhmithe de, leis an tsaoráid faoi Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, ceadáíodh oibríochtaí iasachtaíochta in oirchill eisíocaíochtaí iasachta ina dhiaidh sin, rud a bhí ina dhiall ó mhaoiniú traidisiúnta ‘droim le droim’ an Choimisiúin. Ina theannta sin, ó bhí 2022 ann, údaráíodh don Choimisiún modh cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú⁴. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir le cur chun feidhme straitéise cistiúcháin éagsúlaithe, seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis na leasuithe atá beartaithe, rannchuideofar le clár oibre simpliúcháin an Choimisiúin arb é is aidhm dó borradh a chur faoin iomaíochas agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chosaint tríd an bpróiseas maoiniúcháin le haghaidh cláir cúnamh airgeadais atá ar fáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a chuíchóiriú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 352 CFAE bunús dlí an togra.

Baineadh úsáid as sean-Airteagal 308 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 352 CFAE atá ann faoi láthair) mar bhunús dlí le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, ar Airteagal é a leasófaí leis an togra reatha.

³ Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/407/oj>).

⁴ Bunaíodh an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe mar mhodh ginearálta iasachtaíochta le Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta (IO L 319, 13.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2434/oj>).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá na leasuithe atá beartaithe i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Maidir le cuspóirí an togra seo, mar atá, aghaidh a thabhairt ar na leasuithe is gá a bhaineann leis an aistriú chuig an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe laistigh de raon feidhme na saoráide trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát, ní féidir iad a bhaint amach trí ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta toisc go dteastaíonn athruithe ar reachtaíocht an Aontais ina leith.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní bhaineann na leasuithe atá beartaithe ach leis na codanna sin den Rialachán ina bhfuil gá le modhnuithe le haghaidh aistriú chuig straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus ní théann siad thar an íosmhéid is gá chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ón gComhairle an t-aon ionstraim atá oiriúnach chun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 atá ann cheana a leasú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Foilsíodh measúnú siarbhreathnaitheach ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 in 2024⁵ inar measadh an gcomhlíonann an tsaoráid fós, ó thaobh a prionsabail, a socruithe agus a huasteorann de, an gá a bhí lena cruthú (dá ngairtear anseo feasta: ‘an Tuarascáil’). Fuarthas amach sa Tuarascáil, cé gur éirigh leis an tsaoráid san am a chuaigh thart, go bhfuil athrú mór tagtha ar thimpeallacht chúnamh airgeadais ginearálta an Aontais. Go sonrach, tugadh faoi deara sa tuarascáil go gceadaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046⁶ don Choimisiún straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme lena gcuimsítear na hiasachtaí a údaraítear faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus, seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú. I bhfianaise an mhéid sin agus ós rud é, cé is moite de leasuithe reachtach 2009 lenar méadaíodh uasteorainn na saoráide agus lenar soiléiríodh freagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát, nach bhfuil aon athrú tagtha ar fheidhmiú na saoráide faoi Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ó bhí 2002 ann, fuarthas amach sa Tuarascáil go bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar fheabhsuithe ar shocruithe cistiúcháin na saoráide.

⁵ COM(2024) 41 final, 29.1.2024.

⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, ar cuireadh Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ina ionad.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Phléigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an Tuarascáil (dá ngairtear anseo feasta: ‘CEA’). Sa tuairim uaidh⁷ a eisíodh maidir leis an Tuarascáil, feictear do CEA go bhféadfaí modh cistiúcháin na saoráide a thabhairt cothrom le dáta, i bhfianaise leasuithe 2022 ar an Rialachán Airgeadais lena ndéantar úsáid na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe a ghinearálú, chun cur chun feidhme éifeachtúil agus íoslaghdaíthe costais aon oibríochta a dhéantar tríd an tsaoráid amach anseo faoi Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, luadh sna conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh⁸ a eisíodh maidir leis an Tuarascáil go bhfuil deis ann na módúlachtaí cistiúcháin a thabhairt cothrom le dáta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Mar gheall ar chineál na leasuithe atá beartaithe, ní raibh gá le saineolas a bhailiú ná a úsáid.

- **Measúnú tionchair**

Tá na leasuithe atá beartaithe dírithe ar athruithe spriocdhírithe ar an rialachán atá ann cheana. Níl impleachtaí ag baint leis an togra seo do bhuiséad an Aontais. Ar na cúiseanna sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair foirmiúil.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/Bh

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag gabháil leis an togra seo maidir le cosaint na gcearta bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí ag baint leis an togra seo do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis na leasuithe atá beartaithe, ní gá bearta a dhéanamh chun cur chun feidhme na nithe sin a éascú agus ní chruthaíonn siad dúshláin cur chun feidhme do na Ballstáit.

Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, ceanglaítear go ndéanfaidh an Chomhairle scrúdú gach 3 bliana, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún agus tar éis do CEA tuairim a thabhairt, i dtaobh an gcomhlíonann an tsaoráid a bunaíodh fós, ó thaobh a prionsabail, a

⁷ Tuairim ó CEA maidir leis an tSaoráid trína Soláthraítear Cúnamh Airgeadais Meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 25 Márta 2024, ecfín.cef.cpe (2024)1688523.

⁸ Conclúidí ón gComhairle maidir le saoráid an Aontais trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle, a d’fhorghas Coreper, Cuid 2, an 10 Aibreán 2024, 8300/24, 8302/24 ECOFIN.

socrúithe agus a huasteorann de, an gá a bhí lena cruthú. Foilsíodh a tuarascáil dheireanach ón gCoimisiún in 2024.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/Bh

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Déantar athruithe spriocdhírithe dea-cheaptha leis an togra, ar athruithe de chineál teicniúil iad, ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002. Tá dhá Airteagal sa togra. Sa chéad airteagal sonraítear na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, agus baineann an dara hairteagal le teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh ón gComhairle atá beartaithe.

Leis na leasuithe ar Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, eagraítear an cúnamh airgeadais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe dá bhforáiltear in Airteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Moltar mír 2 d'Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a scriosadh chun comhsheasmhacht leis an straitéis chistiúcháin athbhreithnithe a áirithiú agus chun deireadh a chur le hiomarcaíocht i bhfianaise na leasuithe ar Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002.

1. 2025/0313 (APP)

2. Togra le haghaidh

3. RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

4. lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe cistiúcháin agus úsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 352 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa⁹,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹⁰,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

5. (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle¹¹, bunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach lena gcumasaítear iasachtaí a dheonú do Bhallstát amháin nó níos mó nach bhfuil an euro glactha acu agus a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhardú a n-íocaíochtaí reatha nó a ngluaiseachtaí caipitil, nó a bhfuil baol mór ann go mbeidh deacrachtaí den sórt sin acu.
6. (2) Tar éis Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a ghlacadh, údaraíodh don Choimisiún modh cistiúcháin a chur chun feidhme a bheadh éagsúil leis an modh sin dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú. Foráiltear le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² maidir le cur chun feidhme straitéise cistiúcháin éagsúlaithe. Leis an modh cistiúcháin sin, is féidir leis an gCoimisiún uainiú agus aibíocht idirbheart cistiúcháin aonair a dhíchúpláil ó na heisíocaíochtaí le tairbhíthe. Le comhthiomsú leachtachta comhchoiteann arna mhaoiniú trí chistiú gearrthéarmach a eisiúint, cuirtear

⁹ IO C , , lch. .

¹⁰ IO C , , lch. .

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/332/oj>).

¹² Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

ar a chumas don Choimisiún íocaíochtaí a eagrú go neamhspleách ar uainiú beacht eisiúint na mbannaí fadtéarmacha.

7. (3) Maidir leis na rialacha i ndáil leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, níl feidhm acu maidir le cláir cúnaimh airgeadais ar tháinig na bunghníomhartha i bhfeidhm ina leith an 9 Samhain 2022 nó roimhe sin. Ós rud é nár tháinig Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 i bhfeidhm ná nár leasaíodh é ón tráth sin, is gá é a leasú chun cur i bhfeidhm na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe a leathnú chuig an Rialachán sin. Leis an aistriú chuig straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, ba mhó an gá a bheadh ann deireadh a chur le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 chun ailíniú an chreata dhlíthiúil leis an modh cistiúcháin sin a áirithiú.
8. (4) Tá roinnt buntáistí ag baint leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i gcomparáid leis an modh cistiúcháin faoi Rialachán (CE) Uimh. 332/2002. Go sonrach, fágann sí nach gá don Choimisiún conradh a dhéanamh i leith iasachtaí ar mhargaí caipitil nó le hinstiúidí airgeadais i ndálaí luaineacha nó díobhálacha chun cláir cúnaimh airgeadais a chistiú. Ina theannta sin, cuireann sé ar a chumas don Choimisiún riachtanais airgeadais an iliomad clár cúnaimh airgeadais a chomhdhlúthú, agus ar an gcaoi sin bainistiú oibríochtaí cistiúcháin a shimpliú a shimpliú, costais a laghdú, agus ilroinnt urrúis fiachais an Aontais a sheachaint.
9. (5) Ós rud é gur minic a eisíoctar cúnamh airgeadais meántéarmach le Ballstáit a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhardú a n-íocaíochtaí reatha nó a ngluaiseachta caipitil faoi Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 faoi dhálaí luaineacha agus díobhálacha sa mhargadh, ba cheart na socruithe cistiúcháin maidir le húsáid na saoráide a leasú i bhfianaise na taithí a fuarthas agus na mbuntáistí suntasacha a bhaineann leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i gcomparáid leis an modh cistiúcháin ‘droim le droim’.
10. (6) Ba cheart foráil a bheith sna comhaontuithe iasachta leis na Ballstáit a thabharfar i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo maidir le haisíocaíocht luath a bheidh le déanamh tar éis comhaontú frithpháirteach i ndáil leis na coinníollacha.
11. (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

12. Airteagal 1

(1) Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, scriostar mír 2;
- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Airteagal 7

1. Chun iasachtaí a mhaoiniú faoi shaoráid an Aontais trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach, cumhachtófar an Coimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Sa bhreis ar na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 223(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagfar síos i gcomhaontuithe iasachta uasmhéid na hiasachta, an tréimhse infhaighteachta, uasfhad gach eisíocaíochta den iasacht agus téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe na tacaíochta.’

13. Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

14.

Thar ceann na Comhairle

15.

An tUachtarán

RÁITEAS REACTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breislúach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a sainithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8

2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin.....	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31

4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32
------	--	----

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe cistiúcháin agus úsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cúnamh airgeadais meántéarmach a sholáthar do Bhallstáit a bhfuil deacrachtaí acu a mhéid a bhaineann le comhardú a n-íocaíochtaí, nó a bhfuil baol mór ann go mbeidh deacrachtaí den sórt sin acu.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é cuspóir ginearálta an togra leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 chun modh cistiúcháin na saoráide a athrú ón modh cistiúcháin ‘droim le droim’ i dtreo straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, rud a thabharfaidh i gcomhréir le straitéis cistiúcháin aontaithe an Choimisiúin é.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Chun straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme, modhnófar leis na leasuithe atá beartaithe forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, agus cuirfear deireadh le forálacha áirithe de, chun na socruithe cistiúcháin a shoiléiriú agus chun ailíniú an chreata dhlíthiúil leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a áirithiú.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Ba cheart a áirithiú leis an togra go ndéanfar íocaíochtaí le tairbhíthe chláir an Aontais go neamhspleách ar uainiú beacht eisiúint na mbannaí fadtéarmacha agus ar dhálaí an mhargaidh atá i réim tráth na heisíocaíochta, trí chead a thabhairt don Choimisiún eisíocaíochtaí ón tsaoráid a chistiú trí chomhthiomsú leachtachta comhchoiteann arna mhaoiniú trí chistiú gearrthéarmach a eisiúint. Leis sin, déanfar an cistiú chun cúnamh airgeadais meántéarmach a sholáthar faoin tsaoráid a chuíchóiriú agus meastar go mbeidh coigilteas costais ann don Aontas agus do na tairbhíthe mar thoradh air sin.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, ceanglaítear go ndéanfaidh an Chomhairle scrúdú gach 3 bliana, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún agus tar éis don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais tuairim a thabhairt, i dtaobh an gcomhlíonann an tsaoráid a bunaíodh fós, ó thaobh (i) a prionsabail, (ii) a socruithe agus (iii) a huasteorann de, an gá a bhí lena cruthú.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart¹³

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☒ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

N/Bh

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex-ante): Is gá an ghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i bhfianaise an ról a thugtar le Conarthaí an Aontais cúnamh airgeadais a dheonú i gcás ina bhfuil deacrachtaí ag Ballstát, nach bhfuil an euro glactha aige, nó ina bhfuil baol mór ann go mbeidh deacrachtaí aige, a mhéid a bhaineann le comhardú a íocaíochtaí. Ní féidir an sprioc sin a bhaint amach le gníomhaíochtaí na mBallstát amháin.

Breisluch AE a mheastar a ghinfear (ex post): Le cur chun feidhme straitéise cistiúcháin éagsúlaithe le haghaidh na saoráide, tá coinne leis go ndéanfar oibríochtaí a chuíchóiriú agus go laghdófar na costais a bhaineann le clár cistiúcháin neamhspleách a bhainistiú le haghaidh eisíocaíochtaí faoin tsaoráid. Trí oibríochtaí cistiúcháin a chomhtháthú le cláir eile de chuid an Choimisiúin, leis na hathruithe sin déanfar éifeachtúlacht bhainistíocht fhoriomlán cistiúcháin an Choimisiúin a shimpliú agus a mhéadú.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Sa tuarascáil leathbhliantúil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe gaolmhara de bhun Airteagal 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9700 ón gCoimisiún (an 1 Iúil 2023 - an 31 Nollaig 2023)¹⁴, thug an Coimisiún dá aire gur cloch mhíle thábhachtach é cur chuige cistiúcháin aontaithe a

¹³ Dá dtagraítear in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

¹⁴ COM(2023) 461 final.

bhunú trí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe chun riachtanais chistiúcháin an Aontais a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtúla is féidir. Tugadh faoi deara freisin, agus a chur chuige aontaithe cistiúcháin á chur i bhfeidhm aige, go raibh an Coimisiún in ann, d'ainneoin luaineacht an mhargaidh, a ghealltanais eisíocaíochta uile faoi Next GenerationEU agus faoi Chúnadh Macrairgeadais a chomhlíonadh in am.

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

N/Bh

- 1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

N/Bh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

☐ comhlachtaí dlí poiblí

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Ní bheidh tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.
--

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

N/Bh

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí iocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Le cur chun feidhme straitéise cistiúcháin éagsúlaithe i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, tá coinne leis go ndéanfar oibríochtaí a chuíchóiriú agus go laghdófar na costais a bhaineann le clár cistiúcháin neamhspleách a bhainistiú le haghaidh eisíocaíochtaí faoin tsaoráid. Trí oibríochtaí cistiúcháin a chomhtháthú le clár eile de chuid an Choimisiúin, leis na hathruithe sin déanfar éifeachtúlacht bhainistíocht fhoriomlán cistiúcháin an Choimisiúin a shimpliú agus a mhéadú. Le húsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe, is féidir an clár cistiúcháin a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, agus prionsabail na neodrachta buiséadaí agus na gcomharduithe buiséadacha á n-urramú go hiomlán an tráth céanna mar a leagtar amach in Airteagal 310(1) CFAE. Ar deireadh tá creat riosca, comhlíontachta agus rialachais faoi mhaoirseacht Phríomhoifigeach Riosca an Choimisiúin i bhfeidhm le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe uile an Choimisiúin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a sainathníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

N/Bh

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

N/Bh

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

N/Bh

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Ní bheidh tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	Difreáilte/Neamhdhifreáilte ¹⁵	ó thiortha de chuid CSTE ¹⁶	ó thiortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ¹⁷	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thiortha de chuid CSTE	ó thiortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

¹⁵ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹⁶ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹⁷ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil		Uimhir					
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000
	Íocaíochtaí	(2a)					0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach							
Líne bhuiséid		(3)					0,000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS<.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na glár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí dláraithe)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál ¹⁸	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹⁹ ...																		
- Aschur																		

¹⁸ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

¹⁹ Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

- Aschur																	
- Aschur																	
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																	
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																	
- Aschur																	
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																	
IOMLÁIN																	

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN 2021 - 2027
	2024	2025	2026	2027	
CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)				
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéisí lánaimseartha)				

20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		0	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.BB.BB]	- ag an gCeannteideal	0	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)		0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END - Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7		0	0	0	0
IOMLÁN		0	0	0	0

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

	Le cumhdach ag an bhfoireann reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	Foireann bhreise eisceachtúil*		
		Le maoiniú faoi Ceannteideal 7 nó Taighde	Le maoiniú ó líne BA	Le maoiniú ó tháillí
Poist sa phlean bunaíochta			N/Bh	
Foireann sheachtrach (CA, SNEanna, INT)				

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021 - 2027
CEANNTIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CEANNTIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN					
	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)
- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid
- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe					

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
- ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ²⁰			
		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Airteagal					

²⁰

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

--

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

--

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Leis an leasú atá beartaithe, ní bhunaítear aon cheanglas nua a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leis. Leis na hathruithe atá beartaithe, ní thugtar isteach aon oibleagáid ná aon fhoráil bhreise a bhaineann le bailiú, próiseáil, giniúint, malartú nó comhroinnt sonraí, uathoibriú nó digitíú próiseas geallsealbhoirí, úsáid réiteach digiteach nua nó réiteach digiteach atá ann cheana, nó seirbhísí poiblí digiteacha. Dá bhrí sin, ní shainaithnítear aon cheanglas breise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leis sa togra seo.

4.2. Sonraí

N/Bh

4.3. Réitigh dhigiteacha

N/Bh

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

N/Bh

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

N/Bh